



**COMHAIRLE
AN TAONTAS EORPACH**

**An Bhruiséil, 2 Aibreán 2025
(OR. en)**

10261/11

**Comhad Idirinstitiúideach:
2011/0103 (NLE)**

**AVIATION 140
ISL 9
N 11
USA 42
RELEX 523**

GNÍOMHARTHA DLÍTHIÚLA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: An Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt; agus an Comhaontú Coimhdeach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt

AN COMHAONTÚ MAIDIR LE hAERIOMPAR

STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ (dá ngairtear ‘na Stáit Aontaithe’ anseo feasta),

den chéad pháirt;

RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT NA BULGÁIRE,

POBLACHT NA SEICE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

POBLACHT NA hEASTÓINE,

ÉIRE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,

RÍOCHT NA SPÁINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT NA hIODÁILE,

POBLACHT NA CIPIRE,

POBLACHT NA LAITVIA,

POBLACHT NA LIOTUÁINE,

ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

POBLACHT NA hUNGÁIRE,

MÁLTA,

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

POBLACHT NA hOSTAIRE,

POBLACHT NA POLAINNE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

AN RÓMÁIN,

POBLACHT NA SLÓIVÉINE,

POBLACHT NA SLÓVAICE,

POBLACHT NA FIONLAINNE,

RÍOCHT NA SUALAINNE,

RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

ós páirtithe iad den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ós Ballstáit den Aontas Eorpach iad (dá ngairtear ‘na Ballstáit’ anseo feasta),

agus

AN tAONTAS EORPACH,

den dara páirt;

an Íoslainn,

den tríú páirt; agus

Ríocht na hIorua (dá ngairtear ‘an Iorua’ anseo feasta),

den cheathrú páirt;

ÓS MIAN LEO córas eitlíochta idirnáisiúnta a chur chun cinn bunaithe ar iomaíocht i measc aerlínte sa mhargadh agus ina mbeidh íosmhéid cur isteach agus rialála rialtais;

ÓS MIAN LEO leathnú deiseanna aeriompair idirnáisiúnta a éascú, lena n-áirítear trí líonraí aeriompair a fhorbairt chun riachtanais paisinéirí agus lastóirí a chomhlíonadh le haghaidh seirbhísí aeriompair áisiúla;

ÓS MIAN LEO a chumasú d'aerlínte praghsanna agus seirbhísí iomaíocha poiblí taistil agus lastais a sholáthar i margáí oscailte;

ÓS MIAN LEO go bhfaigheadh gach earnáil i dtionscal an aeriompair, lena n-áirítear oibrithe aerlínte, tairbhe as comhaontú léirscaoilte;

ÓS MIAN LEO an leibhéal sábháilteachta agus slándála is airde a áirithiú san aeriompar idirnáisiúnta agus ag athdhearbhú dóibh go bhfuil inní mhór orthu faoi bhearta nó bagairtí in aghaidh slándáil aerárthaí, a chuireann sábháilteacht daoine nó maoinne i gcontúirt, a dhéanann dochar d'oibriú an aeriompair agus a chreimeann ar an muintinn atá ag an bpobal i sábháilteacht na heitlíochta sibhialta;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, a osclaíodh lena shíniú in Chicago an 7 Nollaig 1944;

AG AITHINT DÓIBH go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag fóirdheontais rialtais ar iomaíocht aerlínte agus go bhféadfaidís bunchuspóirí an Chomhaontaithe seo a chur i mbaol;

AG DEARBHÚ DÓIBH a thábhachtaí atá sé an comhshaol a chosaint le linn fhorbairt agus chur chun feidhme an bheartais eitlíochta idirnáisiúnta;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE a thábhachtaí atá sé tomhaltóirí a chosaint, lena n-áirítear na cosaintí a thugtar sa Choinbhinsiún maidir le hAontú Rialacha Áirithe i dtaca le hIompar Idirnáisiúnta d'Aer, a rinneadh ag Montréal an 28 Bealtaine 1999;

AG BEARTÚ DÓIBH breis forbartha a dhéanamh ar an gcreat comhaontuithe atá ann cheana agus é mar sprioc rochtain a oscailt ar mhargaí agus na tairbhí do thomhaltóirí, d'aerlínte, don lucht saothair agus do phobail ar dhá thaobh an Atlantaigh a uasmhéadú;

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá sé rochtain a gcuid aerlínte ar mhargaí caipitil domhanda a fheabhsú chun iomaíocht a neartú agus cuspóirí an Chomhaontaithe seo a chur chun cinn;

AG BEARTÚ DÓIBH fasach a bhunú lena mbaineann tábhacht dhomhanda chun tairbhí an léirscaoilte a chur chun cinn san earnáil eacnamaíoch ríthábhachtach sin;

AG AITHINT DÓIBH gur tháinig an tAontas Eorpach in ionad an Chomhphobail Eorpaigh agus i gcomharbas air mar thoradh ar theacht i bhfeidhm, an 1 Nollaig 2009, Chonradh Liospóin ag leasú an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus, ón dáta sin, go bhfuil feidhm ag cearta agus oibleagáidí uile an Chomhphobail Eorpaigh sa Chomhaontú maidir le hAeriompar a shínigh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit an 25 agus an 30 Aibreán 2007, agus ag na tagairtí uile a dhéantar ann dó, maidir leis an Aontas Eorpach;

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

AIRTEAGAL 1

Sainmhíniú

Ciallaíonn ‘Páirtí’ na Stáit Aontaithe, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, an Íoslainn, nó an Iorua.

AIRTEAGAL 2

Cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar arna leasú leis an bPrótacal agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo

Beidh feidhm ag forálacha an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar a shínigh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit an 25 agus an 30 Aibreán 2007 (dá ngairtear ‘an Comhaontú maidir le hAeriompar’ anseo feasta), arna leasú leis an bPrótacal chun an Comhaontú maidir le hAeriompar a leasú a shínigh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit an 24 Meitheamh 2010 (dá ngairtear ‘an Prótacal’ anseo feasta), a ionchorpraítear, leis seo, trí thagairt, maidir le gach Páirtí sa Chomhaontú seo, faoi réir na hIarscríbhinne a ghabhann leis an gComhaontú seo. Beidh feidhm ag forálacha an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua amhail is dá mba Bhallstáit den Aontas Eorpach iad, sa chaoi is go mbeidh cearta agus oibleagáidí uile na mBallstát faoin gcomhaontú sin ag an Íoslainn agus ag an Iorua. Cuid dhílis den Chomhaontú seo iad forálacha na hIarscríbhinne a ghabhann leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 3

An cur i bhfeidhm sealadach a fhoirceannadh nó a scor

1. Féadfaidh na Stáit Aontaithe nó an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, tráth ar bith, fógra i scríbhinn a thabhairt trí bhealaí taidhleoireachta do na trí Pháirtí eile faoina gcinneadh an Comhaontú seo a fhoirceannadh nó deireadh a chur le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo faoi Airteagal 5.

Seolfar cóip den fhógra go comhuaineach chuig an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO). Foirceannfar an Comhaontú seo, nó tiocfaidh deireadh le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo, ag meán oíche GMT ag deireadh shéasúr tráchta an Chomhlachais Aeriompair Idirnáisiúnta (IATA) go hiarbhír bliain amháin tar éis dháta an fhógra i scríbhinn, ach amháin má tharraingítear siar an fógra le comhaontú na bPáirtithe uile roimh dheireadh na tréimhse sin.

2. Féadfaidh an Íoslainn nó an Iorua, tráth ar bith, fógra a thabhairt i scríbhinn trí bhealaí taidhleoireachta do na Páirtithe faoina cinneadh tarraingt siar as an gComhaontú seo nó deireadh a chur le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe faoi Airteagal 5. Seolfar cóip den fhógra go comhuaineach chuig ICAO. Beidh éifeacht ag an tarraingt siar sin nó ag an scor sin den chur i bhfeidhm sealadach ag meán oíche GMT ag deireadh shéasúr tráchta IATA go hiarbhír bliain amháin tar éis dháta an fhógra i scríbhinn, ach amháin má tharraingítear siar an fógra le comhaontú an Pháirtí a thabharfaidh an fógra i scríbhinn, na Stát Aontaithe, agus an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát roimh dheireadh na tréimhse sin.

3. Féadfaidh na Stáit Aontaithe nó an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, tráth ar bith, fógra i scríbhinn a thabhairt trí bhealaí taidhleoireachta don Íoslainn nó don Iorua faoina gcinneadh an Comhaontú seo a fhoirceannadh nó deireadh a chur le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe, i ndáil leis an Íoslainn nó leis an Iorua. Seolfar cóipeanna den fhógra go comhuaineach chuig an dá Pháirtí eile sa Chomhaontú seo agus chuig ICAO. Beidh éifeacht ag foirceannadh nó scor an chur i bhfeidhm shealadaigh i ndáil leis an Íoslainn nó leis an Iorua ag meán oíche GMT ag deireadh shéasúr tráchta IATA go hiarbhír bliain amháin tar éis dháta an fhógra i scríbhinn, ach amháin má tharraingítear siar an fógra le comhaontú na Stát Aontaithe, an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, agus an Pháirtí a gheobhaidh an fógra, roimh dheireadh na tréimhse sin.

4. Chun críocha na nótaí taidhleoireachta a mheastar san Airteagal seo, déanfar nótaí taidhleoireachta chuig an Aontas agus a Bhallstáit, nó uathu, a sheachadadh chuig an Aontas Eorpach, nó uaidh, de réir mar a bheidh.

5. D'ainneoin aon fhorála eile den Airteagal seo, má fhoirceanntar an Comhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, foirceannfar an Comhaontú seo go comhuaineach.

AIRTEAGAL 4

Clárú le ICAO

Déanfaidh Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh an Comhaontú seo agus gach leasú air a chlárú le ICAO.

AIRTEAGAL 5

Cur i bhFeidhm Sealadach

Go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, aontaíonn na Páirtithe an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach, a mhéid a cheadaítear faoin dlí baile is infheidhme, ó dháta an tsínithe. I gcás ina bhfoirceannar an Comhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, i gcomhréir le hAirteagal 23 de, nó ina scoirtear dá chur i bhfeidhm sealadach i gcomhréir le hAirteagal 25 den chomhaontú sin, nó ina scoirtear de chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail i gcomhréir le hAirteagal 9 den Phrótacal, scoirfear de chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo an tráth céanna.

AIRTEAGAL 6
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an dáta is déanaí de na dátaí seo a leanas:

1. dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar,
2. dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail; agus
3. mí amháin tar éis dháta an nóta deiridh maidir le malartú nótaí taidhleoireachta idir na Páirtithe lena ndearbhaítear gur cuireadh na nósanna imeachta uile is gá le haghaidh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo i gcrích.

Chun críocha mhalartú na nótaí taidhleoireachta, déanfar nótaí taidhleoireachta chuig an Aontas agus a Bhallstáit, nó uathu, a sheachadadh chuig an Aontas Eorpach, nó uaidh, de réir mar a bheidh. Beidh cumarsáid ó gach Ballstát sa nóta nó sna nótaí taidhleoireachta ón Aontas Eorpach agus a Bhallstáit lena ndearbhaítear gur cuireadh i gcrích na nósanna imeachta is gá le haghaidh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Á FHIANÚ SIN tá an Comhaontú seo sínithe againne a bhfuil ár síniú thíos, agus sinn údaraithe go cuí chuige sin.

Arna dhéanamh in/sa....., ina cheithre chóip, an lá, 2011.

THAR CEANN

STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ

THAR CEANN RÍOCHT NA BEILGE

THAR CEANN PHOBLACHT NA BULGÁIRE

THAR CEANN PHOBLACHT NA SEICE

THAR CEANN RÍOCHT NA DANMHAIRGE

THAR CEANN PHOBLACHT CHÓNAIDHME
NA GEARMÁINE

THAR CEANN PHOBLACHT NA hEASTÓINE

THAR CEANN NA hÉIREANN

THAR CEANN NA POBLACHTA HEILLÉANAÍ

THAR CEANN RÍOCHT NA SPÁINNE

THAR CEANN PHOBLACHT NA FRAINCE

THAR CEANN PHOBLACHT NA hIODÁILE

THAR CEANN PHOBLACHT NA CIPIRE

THAR CEANN PHOBLACHT NA LAITVIA

THAR CEANN PHOBLACHT NA LIOTUÁINE

THAR CEANN ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG

THAR CEANN PHOBLACHT NA hUNGÁIRE

THAR CEANN MHÁLTA

THAR CEANN RÍOCHT NA hÍSLTÍRE

THAR CEANN PHOBLACHT NA hOSTAIRE

THAR CEANN PHOBLACHT NA POLAINNE

THAR CEANN PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE

THAR CEANN NA RÓMÁINE

THAR CEANN PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE

THAR CEANN PHOBLACHT NA SLÓVAICE

THAR CEANN PHOBLACHT NA FIONLAINNE

THAR CEANN RÍOCHT NA SUALAINNE

THAR CEANN RÍOCHT AONTAITHE NA
BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART
ÉIREANN

THAR CEANN AN AONTAIS EORPAIGH

THAR CEANN NA hÍOSLAINNE

THAR CEANN RÍOCHT NA hIORUA

Forálacha sonracha maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua

Beidh feidhm ag forálacha an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, arna modhnú mar a leanas, maidir le gach Páirtí sa Chomhaontú seo. Beidh feidhm ag forálacha an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua amhail is dá mba Bhallstáit den Aontas Eorpach iad, sa chaoi is go mbeidh cearta agus oibleagáidí uile na mBallstát faoin gcomhaontú sin ag an Íoslainn agus ag an Iorua, faoi réir an mhéid seo a leanas:

1. Léitear mír 9 d'Airteagal 1 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal:, mar a leanas:

Ciallaíonn ‘críoch’, i gcás na Stát Aontaithe, na limistéir talún (mórthír agus oileáin), na huiscí inmheánacha agus an fharraige teorann atá faoina gceannasacht nó faoina ndlínse, agus, i gcás an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, na limistéir talún (mórthír agus oileáin), na huiscí inmheánacha agus an fharraige teorann ina gcuirtear an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch i bhfeidhm agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sa chomhaontú sin agus in aon ionstraim a thiocfaidh ina dhiaidh, cé is moite de na limistéir talún agus na huiscí inmheánacha faoi cheannasacht nó faoi dhlínse Phrionsacht Lichtinstéin; tuigtear i ndáil le cur bhfeidhm an Chomhaontaithe seo maidir le hAerfort Ghiobráltar gur cur i bhfeidhm é atá gan dochar do sheasamh dlíthiúil Ríocht na Spáinne agus na Ríochta Aontaithe maidir leis an díospóid faoi cheannasacht ar an gcríoch ina bhfuil an t-aerfort suite, agus d’fhionraí Aerfort Ghiobráltar ó bhearta eitlíochta an Aontais Eorpaigh a bhí ann cheana an 18 Meán Fómhair 2006 idir na Ballstáit, i gcomhréir leis an ráiteas aireachta maidir le hAerfort Ghiobráltar a comhaontaíodh in Córdoba, an 18 Meán Fómhair 2006; agus’.

2. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 23 go 26 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, maidir leis an Íoslainn ná leis an Iorua.
3. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 9 agus 10 den Phrótacal maidir leis an Íoslainn ná leis an Iorua.
4. Cuirtear an méid seo a leanas le Roinn 1 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal:
 - 'w. An Íoslainn: an Comhaontú maidir le hAeriompar, a síníodh in Washington, an 14 Meitheamh 1995; arna leasú an 1 Márta 2022 trí mhalartú nótaí; arna leasú an 14 Lúnasa 2006 agus an 9 Márta 2007 trí mhalartú nótaí.
 - x. Ríocht na hIorua: Comhaontú maidir le Seirbhísí Aeriompair a rinneadh trí mhalartú nótaí in Washington, an 6 Deireadh Fómhair 1945; arna leasú an 6 Lúnasa 1954 trí mhalartú nótaí; arna leasú an 16 Meitheamh 1995 trí mhalartú nótaí.'

5. Léitear téacs Roinn 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, mar a leanas:

‘D’ainneoin Roinn 1 den Iarscríbhinn seo, i gcás limistéir nach gcuimsítear sa sainmhíniú ar ‘críoch’ in Airteagal 1 den Chomhaontú seo, beidh feidhm ag na comhaontuithe in míreanna (e) (an Danmhairg-na Stáit Aontaithe), (g) (an Fhrainc-na Stáit Aontaithe), (v) (an Ríocht Aontaithe-na Stáit Aontaithe), agus (x) (an Iorua-na Stáit Aontaithe) den roinn sin i gcónaí, de réir a dtéarmaí.’.

6. Léitear téacs Roinn 3 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, mar seo a leanas:

‘D’ainneoin Airteagal 3 den Chomhaontú seo, ní bheidh sé de cheart ag aerlínte na Stát Aontaithe seirbhísí uile-lasta, nach cuid de sheirbhís a fhónann do na Stáit Aontaithe iad, a sholáthar go pointí nó ó phointí sna Ballstáit, ach amháin go pointí nó ó phointí i bPoblacht na Seice, i bPoblacht na Fraince, i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine, in Ard-Diúcacht Lucsamburg, i Málta, i bPoblacht na Polainne, i bPoblacht na Slóvaice, san Íoslainn, agus i Ríocht na hIorua.’.

7. Cuirtear an abairt seo a leanas ag deireadh Airteagal 3 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal:

‘I gcás na hÍoslainne agus na hIorua, áirítear leis sin Airteagail 53, 54 agus 55 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh lena gcuirtear chun feidhme Airteagail 101, 102 agus 105 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, mar a ionchorpraítear sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad, ach gan a bheith teoranta don mhéid sin.’

8. Beidh feidhm ag mír 4 d'Airteagal 21 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, maidir leis an Íoslainn agus an leis Iorua a mhéid a ionchorpraítear dlíthe agus rialacháin ábhartha an Aontais Eorpaigh sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, i gcomhréir le haon oiriúnuithe a shonraítear ar an gcaoi sin. Ní bheidh na cearta dá bhforáiltear i bhfomhíreanna 4(a) agus 4(b) d'Airteagal 21 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, ar fáil don Íoslainn ná don Iorua ach amháin más rud é, maidir le forchur srianta oibríochta atá bunaithe ar thorann, go bhfuil an Íoslainn nó an Iorua, faoi seach, faoi dhlíthe agus rialacháin ábhartha an Aontais mar a ionchorpraítear sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad, faoi réir maoirseacht atá inchomparáide leis an maoirseacht dá bhforáiltear i mír 4 d'Airteagal 21 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH

Dhearbhaigh ionadaithe Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, na hÍoslainne, agus Ríocht na hIorua go ndéanfar téacs an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt ('an Comhaontú') a fhíordheimhniú i dteangacha eile, mar a fhoráiltear, roimh shíniú an Chomhaontaithe, trí bhíthin Malartuithe Litreacha nó, tar éis shíniú an Chomhaontaithe, trí bhíthin cinneadh ón gComhchoiste.

Is cuid dhílis den Chomhaontú an Dearbhú Comhpháirteach seo.

Thar ceann Stáit Aontaithe Mheiriceá:

Thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a
Bhallstát:

Thar ceann na hÍoslainne:

Thar ceann Ríocht na hIorua:

COMHAONTÚ COIMHDEACH
IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT,
DEN CHÉAD PHÁIRT,
AN ÍOSLAINN, DEN DARA PÁIRT,
AGUS RÍOCHT NA hIORUA, DEN TRÍÚ PÁIRT,
MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM AN CHOMHAONTAITHE MAIDIR LE haERIOMPAR
IDIR
STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ, DEN CHÉAD PHÁIRT, AN tAONTAS EORPACH AGUS
A BHALLSTÁIT, DEN DARA PÁIRT,
AN ÍOSLAINN, DEN TRÍÚ PÁIRT,
AGUS RÍOCHT NA hIORUA, DEN CHEATHRÚ PÁIRT

RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT NA BULGÁIRE,

POBLACHT NA SEICE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

POBLACHT NA hEASTÓINE,

ÉIRE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,

RÍOCHT NA SPÁINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT NA hIODÁILE,

POBLACHT NA CIPIRE,

POBLACHT NA LAITVIA,

POBLACHT NA LIOTUÁINE,

ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

POBLACHT NA hUNGÁIRE,

MÁLTA,

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

POBLACHT NA hOSTAIRE,

POBLACHT NA POLAINNE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

AN RÓMÁIN,

POBLACHT NA SLÓIVÉINE,

POBLACHT NA SLÓVAICE,

POBLACHT NA FIONLAINNE,

RÍOCHT NA SUALAINNE,

RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

ós páirtithe iad den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ós Ballstáit den Aontas Eorpach iad (dá ngairtear ‘na Ballstáit’ anseo feasta),

agus

AN tAONTAS EORPACH,

den chéad pháirt;

AN ÍOSLAINN,

den dara páirt;

agus

RÍOCHT NA HIORUA (dá ngairtear ‘an Iorua’ anseo feasta),

den tríú páirt;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE go ndearna an Coimisiún Eorpach, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát, Comhaontú maidir le hAeriompar a chaibidil leis na Stáit Aontaithe i gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhairle lena n-údaráítear don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE gur cuireadh inisealacha leis an gComhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit (dá ngairtear ‘an Comhaontú maidir le hAeriompar’ anseo feasta) an 2 Márta 2007, gur síníodh é sa Bhruiséil an 25 Aibreán 2007 agus in Washington, D.C. an 30 Aibreán 2007, agus gur cuireadh i bhfeidhm go sealadach é ón 30 Márta 2008,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE gur leasaíodh an Comhaontú maidir le hAeriompar leis an bPrótacal chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit a leasú (dá ngairtear ‘an Prótacal’ anseo feasta), ar cuireadh inisealacha leis an 25 Márta 2010, agus a síníodh i Lucsamburg an 24 Meitheamh 2010,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE gur chloígh an Íoslainn agus Iorua, ar comhaltaí lánpháirithe iad de Mhargadh Eitlíochta na hEorpa tríd an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, leis an gComhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, trí Chomhaontú idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt (dá ngairtear ‘an Comhaontú’ feasta), den dáta céanna, ina n-ionchorpraítear an Comhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal.

AG AITHINT DÓIBH gur gá socruithe nós imeachta a leagan síos chun a chinneadh, más iomchuí, conas bearta a dhéanamh de bhun Airteagal 21, mír 5 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal.

AG AITHINT DÓIBH gur gá, thairis sin, socrúithe nós imeachta a leagan síos maidir le rannpháirtíocht na hÍoslainne agus na hIorua sa Chomhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 18 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, agus sna nósanna imeachta eadrána dá bhforáiltear in Airteagal 19 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal. Ba cheart do na socrúithe nós imeachta sin an comhar, an sreabhadh faisnéise agus an comhairliúchán is gá roimh chruinnithe an Chomhchoiste a áirithiú, chomh maith le cur chun feidhme forálacha áirithe den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann le slándáil, sábháilteacht, cearta tráchta a thabhairt agus a chúlghairm agus tacaíocht rialtais,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

AIRTEAGAL 1

Fógra a thabhairt

I gcás ina gcinneann an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit an Comhaontú a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal 3 den Chomhaontú nó scor dá chur i bhfeidhm sealadach, nó fógraí a tharraingt siar chuige sin, tabharfaidh an Coimisiún fógra láithreach faoin méid sin, sula dtabharfaidh sé fógra trí bhealaí taidhleoireachta do Stáit Aontaithe Mheiriceá, don Íoslainn agus don Iorua. Ar an gcaoi chéanna, tabharfaidh an Íoslainn agus/nó an Iorua fógra don Choimisiún láithreach maidir le haon chinneadh den sórt sin.

AIRTEAGAL 2

Ceartha Tráchta a chur ar Fionraí

Glacfaidh an Chomhairle, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le forálacha ábhartha an Chonartha, agus an Íoslainn agus an Iorua cinneadh gan cead a thabhairt d'aerlínte de chuid an Pháirtí eile minicíochtaí breise a oibriú ná dul isteach i margáí nua faoin gComhaontú agus fógra ina thaobh a thabhairt do Stáit Aontaithe Mheiriceá, nó aontóidh siad deireadh a chur le haon chinneadh den sórt sin, arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21, mír 5 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótocal. Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, ag gníomhú dó nó di thar ceann an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát, na hIorua agus na hÍoslainne, fógra ina dhiaidh sin do Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le haon chinneadh den sórt sin.

AIRTEAGAL 3

An Comhchoiste

1. Déanfaidh ionadaithe ón gCoimisiún, ó na Ballstáit, ón Íoslainn agus ón Iorua ionadaíocht ar an Aontas Eorpach, ar na Ballstáit, ar an Íoslainn agus ar an Iorua sa Chomhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 18 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal.
2. Déanfaidh an Coimisiún seasamh an Aontais Eorpaigh, na mBallstát, na hÍoslainne agus na hIorua sa Chomhchoiste a thíolacadh, ach amháin i réimsí san Aontas a thagann go heisiach faoi inniúlacht na mBallstát, agus sa chás sin tíolacfaidh Uachtaránacht na Comhairle nó an Coimisiún, an Íoslainn agus an Iorua é de réir mar is iomchuí.
3. Glacfaidh an Coimisiún, i gcomhaontú leis an Íoslainn agus leis an Iorua, an seasamh atá le glacadh ag an Íoslainn agus ag an Iorua sa Chomhchoiste maidir le hábhair a thagann faoi réim Airteagal 14 nó 20 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, nó maidir le hábhair nach gceanglaítear leo go nglacfaí cinneadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis.
4. I gcás cinntí eile ón gComhchoiste a bhaineann le hábhair a thagann faoi rialacháin agus treoracha a ionchorpraítear sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, glacfaidh an Íoslainn agus an Iorua, ar thogra ón gCoimisiún, an seasamh a bheidh le glacadh ag an Íoslainn agus ag an Iorua.

5. I gcás cinntí eile ón gComhchoiste a bhaineann le hábhair nach dtagann faoi rialacháin agus treoracha a ionchorpraítear sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, glacfaidh an Íoslainn agus an Iorua, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, an seasamh a bheidh le glacadh ag an Íoslainn agus ag an Iorua.

6. Déanfaidh an Coimisiún bearta leordhóthanacha chun go mbeidh Íoslainn agus an Iorua iomlán rannpháirteach in aon chruinnithe comhordúcháin, comhairliúcháin nó múnlaíthe cinntí leis na Ballstáit agus go mbeidh rochtain acu ar an bhfaisnéis ábhartha mar ullmhúchán do chruinnithe an Chomhchoiste a thionólfar.

AIRTEAGAL 4

Eadráin

1. Déanfaidh an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh, na mBallstát, na hÍoslainne agus na hIorua in imeachtaí eadrána faoi Airteagal 19 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal.

2. Déanfaidh an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, bearta chun rannpháirtíocht na hÍoslainne agus na hIorua in ullmhú agus comhordú na n-imeachtaí eadrána a áirithiú.

3. Má chinneann an Chomhairle sochair a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 19, mír 7 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, tabharfar fógra faoin gcinneadh sin don Íoslainn agus don Iorua. Ar an gcaoi chéanna, cuirfidh an Íoslainn agus/nó an Iorua an Coimisiún ar an eolas maidir le haon chinneadh den sórt sin a dhéanfar.

4. Aon ghníomhaíocht iomchuí eile atá le déanamh faoi Airteagal 19 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, maidir le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais laistigh den Aontas, déanfaidh an Coimisiún cinneadh ina leith, le cúnamh ó Choiste Speisialta d'ionadaithe na mBallstát arna gceapadh ag an gComhairle, ag an Íoslainn agus ag an Iorua.

AIRTEAGAL 5

Malartú Faisnéise

1. Cuirfidh an Íoslainn agus an Iorua an Coimisiún ar an eolas go pras faoi aon chinneadh a ghlacfaidh siad faoi Airteagal 4 nó 5 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, chun údaruithe aerlíne de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú. Ar an gcaoi chéanna, cuirfidh an Coimisiún an Íoslainn agus an Iorua ar an eolas go pras faoi aon chinneadh den sórt sin arna dhéanamh ag na Ballstáit.

2. Cuirfidh an Íoslainn agus an Iorua an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon iarrataí nó fógraí arna ndéanamh nó arna bhfáil acu faoi Airteagal 8 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal. Ar an gcaoi chéanna, cuirfidh an Coimisiún an Íoslainn agus an Iorua ar an eolas láithreach faoi aon iarrataí nó fógraí den sórt sin arna ndéanamh nó arna bhfáil ag na Ballstáit.

3. Cuirfidh an Íoslainn agus an Iorua an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon iarrataí nó fógraí arna ndéanamh nó arna bhfáil acu faoi Airteagal 9 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal. Ar an gcaoi chéanna, cuirfidh an Coimisiún an Íoslainn agus an Iorua ar an eolas láithreach faoi aon iarrataí nó fógraí den sórt sin arna ndéanamh nó arna bhfáil ag na Ballstáit.

AIRTEAGAL 6

Fóirdheontais agus tacaíocht rialtais

1. I gcás ina gcreideann an Íoslainn nó an Iorua go mbeidh na héifeachtaí díobhálacha iomaíochta dá dtagraítear in Airteagal 14, mír 2, den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, ag fóirdheontas nó tacaíocht arna meas nó arna soláthar ag eintiteas rialtais i gcríoch Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuirfidh sí an t-ábhar faoi bhráid an Choimisiúin. I gcás ina mbeidh ábhar den chineál céanna curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ballstát, cuirfidh an Coimisiún an t-ábhar faoi bhráid na hÍoslainne agus na hIorua ar an gcaoi chéanna.

2. Féadfaidh an Coimisiún, an Íoslainn agus an Iorua dul i dteagmháil leis an eintiteas sin nó cruinniú den Chomhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 18 den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal, a iarraidh.

3. Cuirfidh an Coimisiún, an Íoslainn agus an Iorua a chéile ar an eolas láithreach nuair a dhéanfaidh Stáit Aontaithe Mheiriceá teagmháil leo faoi Airteagal 14, mír 3, den Chomhaontú maidir le hAeriompar, arna leasú leis an bPrótacal.

AIRTEAGAL 7

An cur i bhfeidhm sealadach a fhoirceannadh nó a scor

1. Féadfaidh Páirtí, tráth ar bith, fógra a thabhairt i scríbhinn trí bhealaí taidhleoireachta do na Páirtithe faoina chinneadh an Comhaontú Coimhdeach seo a fhoirceannadh nó deireadh a chur lena chur i bhfeidhm sealadach. Foirceannfar an Comhaontú Coimhdeach seo nó scoirfear dá chur i bhfeidhm sealadach ag meán oíche GMT sé mhí tar éis dháta an fhógra i scríbhinn faoin bhfoirceannadh nó faoin scor den chur i bhfeidhm sealadach, ach amháin má tharraingítear siar an fógra le comhaontú na bPáirtithe roimh dheireadh na tréimhse sin.

2. D'ainneoin aon fhoráil eile den Airteagal seo, má fhoirceanntar an Comhaontú nó má chuirtear deireadh lena chur i bhfeidhm sealadach, foirceannfar an Comhaontú Coimhdeach seo nó scoirfear dá chur i bhfeidhm sealadach go comhuaineach.

AIRTEAGAL 8

Cur i bhfeidhm sealadach

Go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm de bhun Airteagal 9, aontaíonn na Páirtithe an Comhaontú Coimhdeach seo a chur i bhfeidhm go sealadach, a mhéid a cheadaítear faoin dlí náisiúnta is infheidhme, ó dháta sínithe an Chomhaontaithe Choimhdigh seo nó ón dáta a shonraítear in Airteagal 5 den Chomhaontú, cibé acu is déanaí.

AIRTEAGAL 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Comhaontú Coimhdeach seo i bhfeidhm (a) mí amháin tar éis dháta an nóta is déanaí sa mhalartú nótaí idir na Páirtithe lena ndearbhaítear go bhfuil gach nós imeachta is gá le haghaidh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Choimhdigh seo curtha i gcrích, nó (b) ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, cibé acu is déanaí.

MAR FHIANAISE AIR SIN shínigh na daoine thíos-sínithe, agus iad údaraithe go cuí chuige sin, an Comhaontú Coimhdeach seo.

Arna dhéanamh in/sa, i dtriarach, an lá, 2011 sna teangacha seo a leanas: an Béarla, an Bhulgáiris, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Ioruais, an Íoslainnis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris, agus is téacs barántúil é gach téacs acu.

THAR CEANN RÍOCHT NA BEILGE

THAR CEANN PHOBLACHT NA BULGÁIRE

THAR CEANN PHOBLACHT NA SEICE

THAR CEANN RÍOCHT NA DANMHAIRGE

THAR CEANN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE

THAR CEANN PHOBLACHT NA hEASTÓINE

THAR CEANN NA hÉIREANN

THAR CEANN NA POBLACHTA HEILLÉANAÍ

THAR CEANN RÍOCHT NA SPÁINNE

THAR CEANN PHOBLACHT NA FRAINCE

THAR CEANN PHOBLACHT NA hIODÁILE

THAR CEANN PHOBLACHT NA CIPIRE

THAR CEANN PHOBLACHT NA LAITVIA

THAR CEANN PHOBLACHT NA LIOTUÁINE

THAR CEANN ARD-DIÚCAHT LUCSAMBURG

THAR CEANN PHOBLACHT NA hUNGÁIRE

THAR CEANN MHÁLTA

THAR CEANN RÍOCHT NA hÍSILTÍRE

THAR CEANN PHOBLACHT NA hOSTAIRE

THAR CEANN PHOBLACHT NA POLAINNE

THAR CEANN PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE

THAR CEANN NA RÓMÁINE

THAR CEANN PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE

THAR CEANN PHOBLACHT NA SLÓVAICE

THAR CEANN PHOBLACHT NA FIONLAINNE

THAR CEANN RÍOCHT NA SUALAINNE

THAR CEANN RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS
THUAISCEART ÉIREANN

THAR CEANN AN AONTAIS EORPAIGH

THAR CEANN NA hÍOSLAINNE

THAR CEANN RÍOCHT NA hIORUA